

Fóin chliste – aos óg briste?

Ar lámh amháin, is gléas iontach é an fón cliste. Is ríomhaire beag é i mbos do láimhe a ligeann duit a bheith ag caint le daoine i gcéin is i gcóngar, earraí a cheannach agus eolas a scaipeadh ar luas lasrach, gan ach cúpla feidhm atá aige a lua. Cé a chreidfeadh scór blianta ó shin go mbeadh a leithéid againn inniu? Ní céillí ná folláin an mhaise é dúinn an iomad ama a chaitheamh ag stánadh ar scáileán, ámh. Ach táimid ar nós andúileach nach féidir leis drochnós a bhriseadh.

Gach uair a fhaighimid teachtaireacht nó ‘is maith liom’ ar na meáin shóisialta, scaoiltear cic pléisiúir inár n-intinn, rud a mheallann ar ais muid arís agus arís. Leis an bhfón cliste in aice láimhe agus obair bhaile nó staidéar ar siúl againn, bíonn sé ag dul rite linn díriú ar ár gcuid oibre agus gan géilleadh don chathú an fón a sheiceáil agus dul chun cainte nó chun spairne ar na meáin shóisialta nó rud éigin a chuardach ar an idirlíon. D’fhéadfá a bheith i do shuí leis na leabhair nó os comhair an ríomhaire ar feadh na n-uaireanta fada gan pioc oibre a dhéanamh!

Cuireann ceannairí teicneolaíochta na gléasanna leictreonacha seo chun cinn in ainneoin go dtuigeann siad na contúirtí a bhaineann leo. Na saoithe teicneolaíochta is mó le rá i Silicon Valley, is iomaí duine acu nach ligeann dá bpáistí féin fón cliste a bheith acu in aon chor! Cuireann siad a bpáistí ar scoileanna atá saor ón teicneolaíocht, áiteanna ina bhfuil béim ar an gcailc is caint agus gan tásca ná tuairisc ar shásanna leictreonacha iontu. Iad siúd a bhfuil ‘cos istigh acu’ i ndomhan na teicneolaíochta, is ríléir go dtuigeann siad drochéifeachtaí an fhóin chliste ar dhaoine óga atá ag teacht in inmhe.

Ní hé an t-aos óg amháin atá thíos leis an bhfadhb seo, ach is dealraitheach gur muidne an dream is mó atá tugtha don teicneolaíocht. Seachas bualadh le cairde bímid sásta suí inár n-aonar ag scrolláil gan stad gan staonadh. Go deimhin, de réir na suirbhéanna, is iomaí duine óg atá níos mó ar a shuaimhneas ag caint ar líne seachas casadh ar dhaoine san fhórshaol. Agus muid gafa leis na fóin chliste ó aois óg, an bhfuilimid dall ar an drochthionchar atá acu?

Nár mhaith an mhaise dúinn é ‘díthocsainiú digiteach’ a dhéanamh corruair? Is é sin, droim láimhe a thabhairt léinar bhfóin agus leis an idirlíon ar feadh scaithimh. Is maith liom réiteach na Fraince freisin – gan cead a thabhairt do dhaltaí faoi bhun 15 bliana d’aois fóin a bheith acu ar scoil. Tá siosmaid sna Francaigh! Arbh fhéidir linn go léir a sampla a leanúint?